

Plean Ceantair Áitiúil 2015-2021

Bhaile na Cúirte agus Shéipéal na hAbhann

Aguisín 1

Conair an Chósta




Cuspóir Chonair an Chósta

Teastaíonn forbairt agus uasghrádú conair an chósta chun nascacht mhéadaithe a bhaint amach i gceantar an phlean ach cruthóidh sé tairbhí, chomh maith, i limistéir na turasóireachta agus an chaithimh aimsire.

Bíonn siúlóid sách fada roimh lucht cónaithe Eastát Chois Trá chuig lár shráidbhaile Bhaile na Cúirte. Is gá dóibh an bealach a leanúint atá marcáilte ó thús go ceann scríbe ar Fhíor 1 thíos. Is ionann an fad agus thart ar 2.4km agus níl cosáin ann feadh an bhealaigh go léir (idir Séipéal na hAbhann agus Baile na Cúirte).

Fíor 1



Harbour Court	Cúirt an Chuain
Red Row	An Rae Dearg
Riverchapel Close	Coillte Shéipéal na hAbhann
Beachside Drive	Céide Chois Trá
Beachside Downs	Dún Chois Trá (suggested translation)
Main Street	An Phríomhshráid
Etchingham Heights	Arda Etchingham
Seamount Village	Sráidbhaile Chnocán na Trá
Sandy Lane	Lána an Ghainimh
Beachside Avenue	Ascaill Chois Trá

D'fhéadfadh conair fheabhsaithe agus athchóirithe chósta nasc a sholáthar ó Eastát Chois Trá go dtí lár an tsráidbhaile. Laghdófaí fad na siúlóide agus spreagfadh sé idir dhaoine agus teaghlaigh chun siúl chuig lár an tsráidbhaile seachas an turas a dhéanamh i ngluaisteán. B'ollmhór an difear a dhéanfadh sé do shaol leanaí agus daoine óga agus dóibh siúd nach bhfuil gluaisteáin acu.

Taispeántar i bhFíor 2 thíos an bealach dá ndéanfaí rochtain ar chonair an chósta a athchóiriú agus a uasghrádú. Laghdófaí an fad chuig lár an bhaile ó Ghleanntán Chois Trá anuas ó 2.4km go dtí 1km.

Fíor 2



Tá sé mar chuspóir an Phlean (Cuspóir RS07) chun uasghrádú agus síneadh chonair an chósta a éascú faoi réir chomhlíonadh na Treorach maidir le Gnáthóga agus na ngnáthchritéar pleanála agus comhshaoil go léir eile. Luaitear i gCuspóir TE07, chomh maith, go bhfuil sé mar chuspóir ag an gComhairle chun forbairt agus úsáid chonair bheartaithe an chósta a chur chun cinn mar shaoráid turasóirí agus chaitheamh aimsire, faoi réir chomhlíonadh na ngnáthchritéar pleanála agus comhshaoil agus chomhlíonadh Threoracha an AE.

Réamh-Mheasúnú Chonair an Chósta

Taispeántar i bhFíor 3, ar dheis, bealach chonair an chósta. Tá dath glas ar na codanna **insiúil** agus tá dath dearg ar na codanna **neamh-insiúil**.

Cosán insiúil atá sa chosán reatha ó Bhaile na Cúirte a fhad le deireadh an riain féir ar Cheann na Bréanóige (0.5km). Teastaíonn uasghrádú agus feabhsú, faoi réir staidéar breise indéantachta agus comhshaoil sula ndéanfar cinneadh ar an dearadh.

Uaidh seo, tá casarnach throm agus tír-raon géar ann ar a bhfuil tromchreimeadh déanta (**Ceantar A**). Níl an chuid seo de chosán an chósta inrochtana a thuilleadh (0.6km).



Fíor 3

Ina dhiaidh seo, tá an cosán insiúil a fhad le pointe díreach lastuaidh de Cheann an Ghleanna Bhig, áit a ngabhann an bealach a fhad leis an trá (1.6km).

Ón bpointe roimhe seo lastuaidh de Cheann an Ghleanna Bhig a fhad le Páirc na gCros, fágann an cosán an trá agus níl sé insiúil le linn lán mara agus níl aon rochtain amach ón trá. Taispeántar an chuid seo mar **Cheantar B** (0.6km).

Fad a leanann an cosán ó dheas ina dhiaidh seo, i dtreo Chalafort Pholl Seoin, tá sé insiúil (0.5km).


Cé go bhfuil roinnt codanna de “Chonair Chósta Loch Garman” oiriúnach faoi láthair do na húsáideoirí beartaithe (i.e. úsáideoirí atá faoi mhíchumas, daoine atá faoi mhíchumas siúil, grúpaí teaghlaigh, úsáideoirí ócáideacha núíosacha), níl go leor codanna oiriúnach. Áirítear leis an mbealach seo codanna atá oiriúnach, neamh-insiúil, agus neamhoiriúnach.

Tá **Ceantar A** insiúil mar gheall gur thit an cosán reatha. Tá tailte leordhóthanacha príobháideacha laistiar den titim a d'fhéadfadh freastal ar athródú an chosáin chun é a nascadh leis na codanna oiriúnacha a ghabhann lastuaidh agus laisteas den cheantar seo.

I measc na gcodanna neamhoiriúnacha, tá iad siúd atá insiúil le deacracht (e.g. dreapadh anuas ar charraigeacha) nó codanna den trá a n-imríonn an taoide nó tránna clochacha tionchar orthu a bhfuil sé deacair siúl orthu, ar nós **Cheantar B**.

Taispeántar i **bhFíor 4** grianghraf gar-amhairc de chosán an chósta, a thaispeánann Ceantar A amhail bheith neamh-insiúil mar líne dhearg fleasc.


Fíor 4



Feabhsúcháin Bheartaithe ar Chonair an Chósta

Tá dath gorm agus dearg i bhFíor 5 thíos ar bhealach táscach don chosán nua. Taispeántar an bealach seo ar mhaithe le cuspóirí táscacha amháin agus beidh sé faoi réir staidéar breise indéantachta agus comhshaoil sula ndéanfar cinneadh ar dhearadh agus ar oiriúnacht chosán an chósta. Beidh breithniú le déanamh ar réimse critéar, ina measc creimeadh, topagrafaíocht, sláinte agus sábháilteacht agus gnáthóga.

Fíor 5



Ba cheart naisc nua ó bhraislí tithíochta comharsanachta a dheimhniú faoi mar a thugann A agus B le fios.